Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0206

Iarraidh ar dhíolúine Ilaria Salis a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Deireadh Fómhair 2025 ar iarraidh ar dhíolúine Ilaria Salis a tharscaoileadh (2024/2086(IMM))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Ilaria Salis, dar dáta an 10 Deireadh Fómhair 2024, a thíolaic Cúirt Réigiúnach Phríomhchathair Bhúdaipeist i ndáil le himeachtaí coiriúla atá ar feitheamh os comhair na cúirte sin, agus a fógraíodh sa Pharlaimint an 22 Deireadh Fómhair 2024,

– tar éis di éisteacht le Ilaria Salis an 13 Feabhra 2025 agus ag féachaint do na doiciméid a thíolaic sí i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d’fhaisnéis bhreise arna soláthar ag Cúirt Réigiúnach Phríomhchathair Bhúdaipeist,

– ag féachaint d’Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal (Uimh. 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus d’Airteagal 6(2) d’Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

– ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013, 19 Nollaig 2019 agus an

5 Iúil 2023[1],

– ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0183/2025),

A. de bhrí gur thíolac, an 10 Deireadh Fómhair 2024, Cúirt Réigiúnach Phríomhchathair Bhúdaipeist iarratas ar tharscaoileadh dhíolúine Ilaria Salis, Feisire de Pharlaimint na hEorpa a toghadh san Iodáil, a tharscaoileadh i ndáil le himeachtaí coiriúla atá ar feitheamh os comhair na cúirte sin;

B. de bhrí, de réir na hiarrata, gur chinn comhaltaí d'eagraíocht a bunaíodh sa Ghearmáin in 2022 ionsaithe comhordaithe foréigneacha a dhéanamh i mBúdaipeist ar shiomptálaithe atá i bhfad ar dheis, nó ar dhaoine gan aithne a mheastar a bheith amhlaidh nó a bhfuil amhras fúthu gur daoine den sórt sin iad, agus gur phleanáil siad na hionsaithe sin don 11 Feabhra 2023, agus do na laethanta roimh an lá seo agus ina dhiaidh, lena ndéantar Lá Oinigh, mar a thugtar air, a cheiliúradh, imeacht bliantúil i mBúdaipeist ina ndéantar comóradh ar iarracht ar bhriseadh amach ag trúpaí Naitsíocha faoi léigear in 1945 agus ar pointe cruinnithe é do shaol nua-Naitsíoch na hEorpa; de bhrí, de réir na hiarrata, gur thaistil Ilaria Salis go dtí an Ungáir chun páirt a ghlacadh sna hionsaithe comhordaithe sin agus go ndearna sé amhlaidh an 10 agus 11 Feabhra 2023; de bhrí go raibh tuairiscí ar choimhlintí agus ar theagmhais foréigin a rinne na daoine aonair a bhí ag ceiliúradh Lá Oinigh, mar a thugtar air; de bhrí gur luaigh Cúirt Réigiúnach Phríomhchathair Bhúdaipeist, mar sin féin, nach raibh sí ar an eolas faoi aon ghníomhartha foréigneacha a rinne aon rannpháirtí i gcomóradh Lá Oinigh 2023 a d'fhágfadh go ndéanfaí aon ghníomhaíocht i gcoinne an rannpháirtí sin, seachas Ilaria Salis agus beirt chosantóirí eile sa chás;

C. de bhrí, de réir na hiarrata, gur cúisíodh Ilaria Salis, duine den triúr cosantóirí sa chás, as trí chúiseamh d'iarracht ar ionsaí a bhí ina

---

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI: AE:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115. breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 5 Iúil 2023, *Puigdemont i Casamajó agus Eile* v *an Pharlaimint*, T-272/21, ECLI:EU:T:2023:373;

gcúis le díobháil choirp a d'fhéadfadh a bheith bagrach don bheatha faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil, i gcomhréir leis an gcéad chuid de Roinn 164(8) agus de shárú ar Roinn 164(1) d'Acht C de 2012 maidir le Cód Coiriúil na hUngáire, dhá uair mar chomhchiontóir agus uair amháin mar chomhchoir; de bhrí gur cionta coiriúla faoi Chód Coiriúil na hUngáire iad na gníomhartha a líomhnaítear a rinne Ilaria Salis;

D. de bhrí gur toghadh Ilaria Salis chuig Parlaimint na hEorpa sna toghcháin Eorpacha i mí Meithimh 2024;

E. de bhrí nach ionann na cionta líomhnaithe ná an iarraidh ina dhiaidh sin ar tharscaoileadh díolúine Ilaria Salis le tuairim a chuir Ilaria Salis in iúl nó le vóta a chaith Ilaria Salis agus a cuid dualgas á gcomhlíonadh aici de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

F. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9, an chéad mhír, de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, go dteachtann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, i gcríoch a mBallstáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint a dtíre, agus i gcríoch aon Bhallstáit eile, díolúine ó aon bheart coinneála agus ó aon imeachtaí dlíthiúla;

G. de bhrí, i gcomhréir le Riail 5(2) dá Rialacha Nós Imeachta, nach pribhléid phearsanta í díolúine pharlaiminteach don Fheisire, ach gur ráthaíocht í ar neamhspleáchas na Parlaiminte na hEorpa ina hiomláine agus a Feisirí;

H. de bhrí go leanann sé ó chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil 'rogha an-leathan ag an bParlaimint maidir leis an treo a bhfuil sé ar intinn aici a thabhairt do chinneadh tar éis iarraidh ar tharscaoileadh díolúine (…), mar gheall ar chineál polaitiúil an chinnidh sin'[1];

I. de bhrí, agus an lánrogha leathan sin á feidhmiú aici, gur chinn an Pharlaimint sa chás áirithe seo go raibh Ilaria Salis faoi réir dianchoinníollacha coinneála agus bearta diana coinneála le linn na n-imeachtaí coiriúla ina coinne; de bhrí go ndealraíonn sé nach bhfuil Cúirt Réigiúnach Phríomhchathair Bhúdaipeist ar an eolas faoi aon ghníomhartha foréigneacha a rinne aon rannpháirtí eile, go háirithe iad siúd a dhéanann comóradh ar Lá Oinigh, mar a thugtar air, in 2023, as a dtiocfadh aon ghníomhaíocht a dhéanfaí ina gcoinne; de bhrí go ndealraíonn sé, dá bhrí sin, go bhfuil amhras ann nach bhféadfaí a scaipeadh maidir leis an bhfaisnéis a fuarthas; de bhrí gur cosúil gurb é bunchuspóir na n-imeachtaí agus an iarraidh ina dhiaidh sin, dá bhrí sin, Ilaria Salis a chur ina thost mar gheall ar a

---

1 Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23, mír 59 agus an cásdlí a luaitear.

tuairimí polaitiúla seanbhunaithe agus a gníomhaíochas, go háirithe chun cur i gcoinne an chomórtha bhliantúil nua-Naitsíoch a údaraítear a reáchtáil i mBúdaipeist, atá mar bhonn freisin dá rannpháirtíocht agus dá gníomhaíocht pholaitiúil ina cáil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

J. de bhrí go ndealraíonn sé, dá bhrí sin, gur féidir glacadh leis, sa chás seo, go bhfuil *fumus persecutionis* ann, is é sin le rá go bhfuil 'fianaise nithiúil'[1] ann gurb é an rún is bun leis na himeachtaí dlíthiúla atá i gceist an bonn a bhaint de ghníomhaíocht pholaitiúil Ilaria Salis ina cáil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

K. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir[2];

1. á chinneadh gan díolúine Ilaria Salis a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údarás inniúil na hUngáire agus chuig Ilaria Salis.

---

1 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 17 Meán Fómhair 2020, *Troszczynski* v *an Pharlaimint*, C-12/19, ECLI:EU:C:2020:725, mír 26.

2 breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois* v *an Pharlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266.